II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/16 ÓN gCOIMISIÚN

**an 22 Deireadh Fómhair 2021**

**lena gceartaítear leaganacha i dteangacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceantair fíonsaothrúcháin inar féidir neart an alcóil a mhéadú, maidir le cleachtais fíoneolaíochta údaraithe agus le srianta is infheidhme i ndáil le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, maidir leis an íoschéatadán alcóil i gcás fotháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsiú comhad de chuid OIV**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]) agus go háirithe Airteagal 75(2) agus Airteagal 80(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna leaganacha Fraincise, Laitvise, Polannaise, Rómáinise agus Spáinnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid san i gCuid B, pointe A.2(e), an t-aonú fleasc déag, in Iarscríbhinn I maidir leis na fíonta a thionscnaítear i gCeanada atá faoi réir an chion uasta dé-ocsaíde sulfair de 400 milleagram in aghaidh an lítir.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart sna leaganacha Fraincise, Laitvise, Polainnise, Rómáinise agus Spáinnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a cheartú i gcomhréir leis sin. Níl aon difear ann do na leaganacha teangacha eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann seo leis an leagan Gaeilge)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fíonsaothrúcháin inar féidir an neart alcóil a mhéadú, le cleachtais fíoneolaíochta údaraithe agus srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, leis an íoschéatadán alcóil i gcás fotháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsiú comhad de chuid OIV (IO L 149, 7.6.2019, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN